

# ❖ An Lúibín ❖

20 Márta 2020

## Ar scáth a chéile

Tá seandálaí Gael-Astrálach, Susan Arthure, tar éis iarsmaí de shráidbhaile Éireannach a bhaint aníos i bpáirc san Astráil Thiar. Cloigín bothán atá ann – botháin atá bailithe le chéile gan aon bhóthar ag rith eatarthu. Tugann na seandálaithe ‘clachan’ (focal ó Albain) ar shráidbhaile dá leithéid agus bhí na cloigíní seo coitianta in Éirinn ó na meánaoiseanna aniar. Mhair an sráidbhaile áirithe seo i bhfad tar éis gur tréigeadh a leithéid in Éirinn. Níl ach aon sráidbhaile amháin eile dá leithéid faighte taobh amuigh d’Éirinn agus sin cloigín bothán a rinne Éireanaigh sa 19ú haois ar Oileán na mBéabhar i Loch Michigan.

Thosaigh an tochailt in 2012 ar Baker’s Flat in aice le Kapunda, baile beag atá 77 ciliméadar ó thuaidh ó Adelaide. Tháinig na hÉireannaigh in 1854 mar mhianadóirí copair agus ní raibh Baker’s Flat ró-fhada ón mianach. D’fhan siad ann anuas go dtí na 1920idí ar a laghad agus clú an aighnis, an óil agus an mhí-iompair orthu. Radharc ón taobh amuigh an méid sin, ar ndóigh, agus gan aon tuiscint ann ar fhíorshaol na ndaoine. Tá mionscríbhinní cúirte ann a chuireann síos ar dhaoine ag dul i gcomhar le chéile agus ag tabhairt aire mar phobal do bheithígh, rudaí a thugann le fios gur ‘clachan’ a bhí ann.

Tá plean suirbhéireachta ón mbliain 1893 a léiríonn na botháin ina gcloigín, agus tá grianghrafanna ón mbliain 1906 ann a thaispeánann botháin Ghaelacha na háite. Sna 1850idí scriosadh ar fágadh chun go saothrófaí an talamh.

Rinne Susan Arthure agus a foireann saothar allamuigh ar an láithreán agus d’aithin iarsmaí trí bhothán déag agus blúirí de ghloine agus de shoithí cré. Rinne siad suirbhé geoifisiceach in 2016 le radar pollta talún agus le grádaiméadar maighnéadach agus fuair roinnt gnéanna móra faoi thalamh. Bhí siad sin in aice lena chéile agus iad timpeall deich méadar ar fad agus cúig mhéadar ar leithead. Rinne Arthure tochailt dá réir i samhradh na mblianta 2016 agus 2017 agus tháinig ar bhallaí botháin fhada a bhí suite sa bhuncharraig. Bhí seomra amháin ann agus bhí sé cosúil leis na botháin ar tógadh grianghrafanna díobh. Bhí cosán duirleog thoir. Thaispeáin an ghloine, na soithí cré agus cnámha ainmhithe gurbh ionann saol na nÉireannach anseo agus saol an phobail mhóir.

Ní fios céard as do na hÉireannaigh úd. An chuid is mó de na hÉireannaigh a bhain an Astráil amach sa 19ú haois tháinig siad ó Chúige Mumhan agus ó Chontae na Gaillimhe, agus is dócha gur mar sin don dream atá i gceist anseo. Tá sin le haithint ar chuid de na logainmneacha Éireannacha san Astráil Theas – Clare, Kilkenny, Tipperary agus Tarlee (Tralee). Más in 1854 a tháinig na chéad mhianadóirí, ní dóichí scéal de ná go raibh Gaeilge acu agus is dócha freisin gurbh í Gaeilge na Mumhan í. Sin tuairim agus tá gá le fianaise. Más tuairim féin í, tá a fhios againn gur mhair an teanga tamall in áiteanna eile san Astráil, cé nach cosúil go mbíodh sí á labhairt ag an tríú glúin. Bhí na dála cearta ag an bpobal beag seo chuige – pobal aonchineálach agus é scoite amach ar shlite áirithe ón bpobal mór. Ní mór breis taighde a dhéanamh ar chúlra na ndaoine a tháinig ann.

Le léamh:

[https://theconversation.com/unearthing-a-traditional-irish-village-that-lingered-in-a-south-australian-field-132344?utm\\_source=whatsapp&utm\\_medium=bylinewhatsappbutton](https://theconversation.com/unearthing-a-traditional-irish-village-that-lingered-in-a-south-australian-field-132344?utm_source=whatsapp&utm_medium=bylinewhatsappbutton)



## Croí Cine

Tugaimis aird ar thuairimí Sheáin de Fréine, mar a léiríodh iad in ‘Milis an teanga an Ghaeilge,’ alt le hÉanna Ó Caollaí ar *The Irish Times*.<sup>1</sup> Is éard is mó a chuir clú ar de Fréine a leabhar *The Great Silence*, saothar a chuir síos ar dhrochthoradh mheath na Gaeilge in Éirinn sa 19ú haois. Is file freisin é.

Is é a bharúil go bhfuilimid i ‘ré órga ó thaobh scríbhneoireacht na Gaeilge de’ agus go bhfuil níos mó á scríobh anois ná mar a bhí riamh. Is é an fhadhb atá ann nach bhfuil na léitheoirí ann. Níl ag éirí leis na gaelscoileanna féin ‘nós na léitheoireachta i nGaeilge a fhréamhú sna daltaí scoile’. Deir de Fréine go bhfeictear an Ghaeilge mar ábhar scoile amháin seachas mar theanga a bhaineann leis an saol amuigh.

Is iomaí cúis atá leis sin, ach orthu sin, dar leis, tá castacht Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge. Déanann se tagairt do na ‘rudaí beaga áiféiseacha ann’ ba chóir a ghlanadh as. I dteangacha eile bunaítear an caighdeán ar aon chanúint amháin, ach in Éirinn tá ‘margaíocht’ ar siúl idir lucht na gcanúintí éagsúla. Seans go bhfuil an caighdeán níos casta ná aon chanúint faoi leith. Is maith iad na canúintí mar fhoinsé ach ba chóir don Chaighdeán a bheith neamhspleách ar fad, dar leis. Tá *An Lúibín* ar aon aigne leis agus seantaithe againn ar dhriseacha an Chaighdeáin.

Pléann an t-alt *Croí Cine*, leabhar le de Fréine a foilsíodh den chéad uair in 1990 agus atá tar éis teacht amach arís: sleachta as litríocht na Gaeilge ó thús. Fuair sé moladh. B’fhiú é a cheannach.



## Fónamh na Gaeilge

An bhfuil an Ghaeilge fóna? Tá an dá dhearcadh ann agus bunús le gach ceann acu.

### Dearcadh 1

*Ní labhraíonn formhór mór na nÉireannach a oiread den teanga is a ruaigfeadh bó bhradach as garraí. Ní úsáideann siad focal Gaeilge ó cheann ceann na bliana agus ní bhaineann sin aon chuid de chodladh na hoíche díobh. Tá chuid mhaith acu sásta tacaíocht idé-eolaíoch a thabhairt don teanga ar mhaithe le cúrsaí féiniúlachta, ach sin an méid. Tá a lán Éireannach ann freisin (níos mó ná mar a shíltear) atá lánsásta leis an mBéarla atá acu agus nach dóigh leo go bhfuil tairbhe ar bith le baint as an nGaeilge. Níl sí ag teastáil uathu chun cabáiste a cheannach, scéala a scaipeadh ná jab a dhéanamh. Tá a maith tugtha mar theanga.*

### Dearcadh 2

*Tá mionlach de Ghaeilgeoirí ann agus cuirfidh siad gnáthargóintí eile i do láthair. Slat draíochta an dátheangachas, rud a thugann spreagadh don aigne. Ligeann teanga eile duit tuiscint fhuornua a fháil ar an saol. Dlúthmasc le dúchas na sinsir is ea an Ghaeilge. Agus, iontas na n-iontas, is iomaí duine a fhéadann feidhm a baint aisti ina gceird – múinteoirí, aistritheoirí, craoltóirí, léiritheoirí, iriseoirí, teicneoirí, aisteoirí, scríbhneoirí scrípte. Teanga áisiúil.*

Ach tá deacracht ann. Le réimse na Gaeilge amháin a bhaineann na poist a luaitear thuas, agus lasmuigh den réimse sin is beag tairbhe a bhaintear as an teanga. Tá sí á goradh féin ina bothán féin. Bheadh dóchas agat, b’fhéidir, dá sílfedh siopadóirí Bhaile Munna nárbh fhéidir leo teacht gan an teanga agus Gaeilgeoirí ag brú isteach ina slua chucu: is breá an buachaill an brabach.

<sup>1</sup> <https://www.irishtimes.com/culture/tuarasc%C3%A1il/milis-an-teanga-an-ghaeilge-1.4173724>

I ndeireadh na dála tá treisiú na teanga ag brath ar thiús daonra: dá mhéad cainteoir laethúil atá ann i gceantar áirithe is ea is mó a bheidh sí le cloisteáil i gcúrsaí gnó, riaracháin, siamsa agus spóirt. Tá trácht anois agus arís ar lárionaid phobail a thógáil (tá a leithéid i mBéal Feirste Thiar) agus tá Cluain Dolcáin, Baile Locha Riach, Inis, Carn Tóchair agus Béal Feirste aitheanta mar 'líonraí Gaeilge'. Sin admháil faoi thost nach bhfuil an dé fágtha sa Ghaeltacht; comhartha freisin é ar neartú mall pobail nua. Is fada, áfach, go n-éireoidh léi dul i bhfeidhm ar ghnóthaí an tsoil mhóir.

Níl ach fo-réimse amháin a ligeann don teanga tabhairt faoin domhan uile: sin an litríocht. Níl eolas forleathan ag muintir na hÉireann féin ar fheabhas agus ar thoirt na litríochta comhaimseartha i nGaeilge, cé gur maith an rud é go bhfuil saothar an Chadhnaigh á aistriú, in éineacht lenar aistríodh cheana de shaothar na bhfilí. Ach tá cumhacht sa litríocht sin a fhéadann greim a fháil ar shamhlaíocht an domhain. Fónamh tarchéimniúil.

Mar sin féin, tá a fhios ag Gaeilgeoirí ciallmhara (drong ilchineálach a chloíonn leis an teanga ar chúiseanna an-éagsúla) gur chaill an Ghaeilge a ghreim ar thathag an tsoil os cionn céad bliain ó shin. Ó shin i leith tá sí ag gliúmáil roimpi ag iarraidh an greim sin a fháil arís. Manglam de dháiríreachta agus de chur i gcéill is ea aigne lucht na Gaeilge, in Éirinn agus thar sáile. Bímis praiticiúil: ná fanaimis ar imeall an aonaigh.



### Na chéad teangacha, na teangacha deiridh

Tá léarscáil stairiúil na hAstráile breac le teangacha Bundúchasacha, gan trácht ar theangacha Chaolas Torres thuaidh, cuid acu marbh ar fad, cuid acu á n-athbheochan, cuid bheag á labhairt fós mar a labhraíodh riamh iad. Anois tá léarscáil dá leithéid (*Gambay*) le fáil ar an Idirlíon agus í idirghníomhach. Focal ón teanga Butchulla in Queensland 'Gambay' agus is éard is ciall leis 'le chéile'. Féach:

<https://www.abc.net.au/indigenous/features/gambay-languages-map/>

Rinneadh an léarscail le cabhair ó lárionaid teanga ar fud na tíre agus iad in ann eolas nua a chur léi más gá.

Tá tábhacht na dteangacha sin aitheanta i gCaibidil 3 de Thuarascáil Choimisiún Cearta Daonna na hAstráile um Chóir Shóisialta (2009):

*Braitheann teanga agus cultúr ar a chéile. Is fada is eol dúinn gurb í an teanga léiriú béil an chultúir. Tríd an teanga a sheachaidtear an cultúr. Trí amhráin, scéalta agus mionbhríonna focal a thuigtear an saol agus an bhaint atá againn leis. Trí chultúr láidir a théann an duine amach ar an nasc atá aige le daoine agus le háiteanna. Dá bhrí sin tá dlúthbhaint ag teanga agus cultúr le chéile agus le féiniúlacht an duine chomh maith.*

*Is mór an fhianaise atá againn anois gur iomaí cineál leasa a fhéadann ciníocha Bundúchasacha agus grúpaí mionlaigh a baint as greim teann a choinneáil ar a dteangacha agus a gcultúr. Tá buntáiste le baint as eolas ar theanga dhúchais i gcúrsaí sóisialta, fostaíochta, sláinte agus aigne. Tugann an dátheangachas buntáiste eile fós do chainteoirí teangacha mionlaigh. Má choinníonn siad a dteanga dhúchais agus máistreachta a fháil ar Bhéarla nó ar theanga eile thig leo oibriú i réimsí difriúla, rud a thugann deiseanna dóibh i gcúrsaí oibre agus eile.*

Tá an tionscnamh First Languages Australia (<https://www.firstlanguages.org.au/>) ag iarraidh foinsí a bhaineann le teangacha Bundúchasacha agus teangacha Chaolas Torres a chuardach agus a roinnt, agus eolas orthu a scaipeadh. Tá na príomhchuspóirí leagtha síos mar a leanas:

*Teacht ar ábhair teanga*

*Institiúidí a chur ag caint le chéile faoin ábhar atá acu*

*Institiúidí a chur ag oibriú i gcomhar i mbun digitiú*

*Féachaint conas is fearr ábhair a chur i gcartlann*

*Ábhair a chur ar fáil do bhail den phobal Bundúchasach agus d'oiléanaigh ó Chaolas Torres*

*Cabhrú le tairseach ilfhreastail a dhéanamh chun teacht ar ábhar teanga*

Tabharfaidh an méid sin deis nua do na teangacha úd maireachtáil nó éirí ó mhairbh – teangacha atá i bhfad níos ársa ná an Ghaeilge.



## An Timpeallacht

### Tine, oighear agus galar

Trácht ar bith ar an timpeallacht na laethanta seo bíonn sé gruama. Is léir ó fhianaise na heolaíochta go bhfuil pointe claochlaithe bainte amach againn; tá an Domhan ag cur craicinn de. Ní cóir géilleadh don bheaguchtach agus ní cóir dúinn an drochscéal a ligean tharainn.

Bhuail na tinte an Astráil go dona ar feadh an tsamhraidh agus cuntas cruinn ar an scéal ag Comhairle Aeráide na hAstráile.<sup>2</sup> Aimsir an-te an-tirim a bhí ann i ndiaidh na mblianta de thriomach. Bhí an bháisteach ag dul i laghad san Fhómhar agus sa gheimhreadh le breis is fiche bliain agus bhí an teas as compás. Tá séasúr na dtinte ag dul i bhfad, ón Earrach go dtí an Fómhar.

Chuaigh na tinte ba dhéanaí i bhfeidhm go díreach nó go hindíreach ar bheagnach 80% de mhuintir na tíre. Síltear gur maraíodh billiún ainmhí. In New South Wales chonacthas an tine ba mhó a taifeadadh riamh, ceann a scrios breis is 500,000 heicteár. Dódh timpeall 21% de choillte an limistéir mheasartha (idir leathanduileach agus mheasctha). Roimhe seo ní dhófaí níos mó ná 9% in ilchríoch ar bith.

Meastar gur sceith na tinte 650 milliún tonna d'ocsaíd charbóin ar a laghad, i dteannta na 531 milliún tonna a astaíonn an Astráil de ghnáth.

Ba dhrochscéal iad na tinte ó thaobh an gheilleagair de. Tá ceithre billiún cailte ag lucht turasóireachta, agus chaill Sydney 12 milliún sa lá de thoradh na toite a tháinig anuas ar an gcathair. Rinneadh breis is 23,000 éileamh árachais agus luach billiún dollar orthu.

Laistean den teas tá ceann de na háiteanna is fuaire ar domhan: an tAntartach. Tá taighde nua déanta ag naoi neolaí is ochtó agus an scéal foilsithe ag *Nature*. Fuarthas an t-eolas ó shonraí satailíte (sonraí an-chruinne), de thomhas *in situ* agus de shamhaltú ar ríomhairí. Tá an Ghríonlainn agus an tAntartach ag cailleadh sé huaire níos mó oighir ná mar a cailleadh sna 1990idí: sé thrilliún tonna ó 1992 go dtí 2017, sin beagnach dhá cheintiméadar d'uisce breise san fharraige – méadú beag a bhféadfadh toradh mór a bheith air maidir le creimeadh agus stoirmeacha tropaiceacha.

Is é téamh na farraige is cúis le beagnach leath an leá san Artartach agus leath an leá sa Ghríonlainn. Méadú ar theocht an aeir is cúis leis an gcuid eile den leá sa Ghríonlainn. Mhéadaigh an leá sé huaire ó 81 go dtí 475 billiún tonna in aghaidh na bliana, rud a tharla laistigh de thríocha bliain.

Deir painéal comhairleach na heolaíochta aeráidí sna Náisiúin Aontaithe (IPCC) go mbeidh éirí farraige de 50 cm ann faoi 2100 de thoradh astúcháin measartha mór. Méadú 43 cm a bheidh ann ach 'neodracht charbónach' a bhaint amach. Ach bheadh méadú 84 cm ann sa chás is measa – gan laghdú a dhéanamh ar astúcháin nó an Domhan féin a bheith ag méadú astúcháin.

Tiocfaidh deifir mhór faoi ardú na farraige san aois seo chugainn. Tiocfaidh athrú mór ar dhreach na dtíortha, cuirfear ruaig ar na milliúin, crochfaidh na tonnta dúnta ársa agus tithe nua leo, creimfear na carraigeacha. Is beag cósta is féidir a chosaint ar fhíoch na farraige. Rachaimid i dtaithe air.

<sup>2</sup> [https://www.climatecouncil.org.au/resources/summer-of-crisis/?utm\\_source=Climate+Council+of+Australia+%5B1%5D&utm\\_campaign=28ccc5a0f3-EMAIL\\_CAMPAIGN\\_2020\\_03\\_11\\_05\\_37&utm\\_medium=email&utm\\_term=0\\_85cb6450a5-28ccc5a0f3-157275293](https://www.climatecouncil.org.au/resources/summer-of-crisis/?utm_source=Climate+Council+of+Australia+%5B1%5D&utm_campaign=28ccc5a0f3-EMAIL_CAMPAIGN_2020_03_11_05_37&utm_medium=email&utm_term=0_85cb6450a5-28ccc5a0f3-157275293)

### *An chiall agus an coróinvíreas*

Ní rud nua é an coróinvíreas. Tá leaganacha laga de inár measc le fada an lá, agus tarraingíonn siad leo an slaghdán agus an fliú – galracha a tholgann ár bhformhór anois agus arís agus a dtugtar ‘ionfhabhtú sa chonair riospráide uachtair’ orthu. Is annamh a mharóidís thú. Ó am go chéile tagann leagan nua aníos (ó ainmhithe sa chás seo). D’fhág sin COVID-19 againn.

Ar éigean is gá a rá arís gur daoine bunaosta nó daoine a bhfuil galar eile ag cur orthu na daoine is mó atá i mbaol. An duine a bhfuil córas imdhíonachta láidir aige níl sé i gcontúirt mhór, agus is iad na páistí an dream is sábháilte ar fad (cé go mb’fhéidir go n-íompróidís an galar gan dochar a dhéanamh dóibh féin). Fiú sna tíortha is measa a buaileadh ní bhfuair bás ach céatadán an-bheag den phobal. An chuid is mó de na daoine a tholg an víreas go dtí seo ní raibh orthu ach tinneas beag agus tháinig siad chucu féin arís. Tá an méid ráite chomh minic sin go bhfuil sé ina sean-nath anois. Ní paindéim an galar seo mar a bhí an phlá fadó nó an fliú ‘Spáinneach’ a mharaigh na sluaite i ndeireadh an Chéad Chogadh Domhanda. Le himeacht aimsire éireoidh an pobal i gcoitinne imdhíonach.

Níl comhairle in easnamh orainn faoi conas COVID-19 a sheachaint. Na lámha a ní go cúramach, fanacht sa bhaile go ceann coicíse más gá, gan póg a thabhairt do do chairde gaoil. Spréitear an galar le sraoth, le casacht, le lámh a leagan ar dhromchla cruá, fiú mura bhfuil a fhios agat fós go bhfuil an galar ort. Dealraíonn sé gur féidir leis an víreas maireachtáil ar dhromchla cruá (binse nó guthán, mar shampla) idir 48 agus 72 uair an chloig, agus fágann sin gur maith an rud é a leithéid a dhíghalrú go rialta. Lagaíonn solas na gréine víreas ar bith.

Idir an dá linn, ar ndóigh, tá an galar (nó eagla roimh an ngalar) ag milleadh faoin ngeilleagar agus tá an saol ag dul rite lena lán. Scaoll, scéin agus scréachadh in áit céille go minic. Níl fíorchontúirt an víreas i gcomhréir lena hiarmhairt shóisialta.

Tá tástáil ar fáil anois a léiríonn an víreas sula bhfuil a rian sin ar an duine. Chomh maith leis sin, tá súil ag taighdeoirí go mbeidh siad in ann comharthaí san fhuil a úsáid chun a fháil amach an gcuirfidh an galar go dona ort.

Tá sé ráite gur measade an scéal an ‘domhandú’ sa mhéid go bhfuil an oiread sin turasóireachta agus taistil ann anois. Tá bunús éigin leis sin, cé gur leath galracha stairiúla eile go héasca suar raibh an domhandú ina fhocal. Rud gan leigheas is foighne is fearr air, a deirtear, cé nach mór an sólas é sin. Tíocfaidh an leigheas luath nó mall – roimh dheireadh na bliana, b’fhéidir. Tíocfaidh galracha eile lenár linn, agus bíodh súil againn nach mbeidh siad níos marfaí ná an ceann seo .

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

